# Fine Gall
# Fingal

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Caisleán Shoird, Grianghraf
le Brian Cregan 2016

*Swords Castle, Image Credit*
*Brian Cregan 2016*

# Ábhar
# Contents


1 Focal ón Méara
*Mayor's Foreword*

2 Focal ón bPríomhfheidhmeannach
*Chief Executive's Foreword*

3 Cultúr agus Cruthaitheacht i bhFine Gall
*Culture and Creativity in Fingal*

4 Fís Chlár Éire Ildánach d'Fhine Gall
*The Creative Ireland Vision for Fingal*

5 Luachanna Chlár Éire Ildánach i bhFine Gall
*The Creative Ireland Values in Fingal*

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha d'Fhine Gall
*Strategic Priorities for Fingal*

7 Feidhmiú
*Implementation*


**Comhairle Contae**
**Fhine Gall**
Fingal County
Council

# 1 Focal ón Méara
## Mayor's Foreword

TÁ RÍMÉAD ORM Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018–2022 a sheoladh d'Fhine Gall. Is plean 4 bliana í sin atá faoi scáth Chlár Éire Ildánach agus a bheidh mar bhonn agus mar thaca ag an rannpháirtíocht a leanann ar aghaidh idir an pobal, cleachtóirí cruthaitheacha agus Comhairle Contae Fhine Gall.

Thóg sé mo chroí le bliain anuas go raibh an pobal chomh páirteach sin i gClár Fhine Gall Ildánach, ar cuireadh tús leis ag an gcéad Cruinniú na Cásca i gCaisleán Shoird faoi Cháisc. D'fhreastail breis is 4,000 duine ar an imeacht sin le ceiliúradh a dhéanamh ar a bhfuil de chultúr agus cruthaitheacht i bhFine Gall. Ar a bharr sin, bhí sé de phléisiúr agam mar Mhéara Fhine Gall Clár Cruthaitheachta Bliantúil Fhine Gall, 2017, a sheoladh i gCaisleán Shoird in éineacht leis an Taoiseach Leo Varadkar, T.D., áit ar chonaiceamar scoth ár bpobail óig, éagsúil ar an ardán agus iad i mbun amhránaíochta, rapcheoil agus damhsa.

Cuireann ár ngrúpaí pobail agus áitiúla in iúl arís is arís eile cé chomh tiomanta is atá siad do chultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn ach féilte agus imeachtaí a chur ar siúl agus leas a bhaint as an tacaíocht airgid a chuirtear ar fáil ar son na nEalaíon, an Phobail agus Imeachtaí.

Thacaigh mo chuid comhghleacaithe sa Chomhairle go mór leis an togra sa chaoi gur ghlac páirt sna comhairliúcháin agus gur fhreastail ar an iliomad gníomhaíochtaí cruthaitheacha, cultúrtha a bhí ar siúl ar fud an chontae.

I mí na Nollag 2017 sheol an Taoiseach Leo Varadkar, T.D., an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Josepha Madigan, T.D., an tAire Oideachais agus Scileanna Richard Bruton T.D., agus an tAire Airgeadais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Paschal Donohoe T.D. an plean cuimsitheach Óige Ildánach faoi Chlár Éire Ildánach. Is dea-scéala amach is amach é sin dúinn go háirithe ós i bhFine Gall atá an daonra óg is gasta fás sa tír; tá 29% den daonra faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus tagann 16% de na daoine atá ag cur fúthu i bhFine Gall ó phobail nua. Cuirfimid fáilte chomh maith roimh na pleananna le haghaidh Cruinniú, atá beartaithe a bheith ina lá náisiúnta do leanaí. Tá muid ag tnúth go mór leis na deiseanna a thabharfaidh sé sin dúinn ár leanaí agus daoine óga a chur ag ceiliúradh cultúir agus cruthaitheachta.

Creidim go láidir i bpríomh-mhaíomh an Chláir Náisiúnta go gcuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus choiteann chun cinn, rud ar iomaí buntáiste a bhaineann leis d'fholláine an duine aonair agus na sochaí araon.

Tá lúcháir orm an straitéis seo a sheoladh, ina ndéantar sainaithint ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar réimse tionscadal a bheidh idir nuálach, chruthaitheach agus chomhoibríoch. Fágfaidh Fine Gall Ildánach a lorg go ceann i bhfad tar éis na gclár bliantúla imeachtaí dá bhrí sin agus de bharr an chaidrimh a chothófar leis an bpobal, le gníomhaireachtaí eile agus le réimse páirtithe leasmhara i ngach uile earnáil i bhFine Gall.

**An Clr. Mary McCamley**
Méara Fhine Gall

I AM DELIGHTED to launch the Culture and Creativity Strategy 2018–2022, a four-year plan for Fingal under the Creative Ireland Programme, which will provide a framework for ongoing engagement between the community, creative practitioners and Fingal County Council.

Over the past year, I have been inspired by the level of participation by the community in the Creative Fingal Programme, opening with the inaugural Cruinniú na Cásca in Swords Castle at Easter, when over 4,000 people turned out to celebrate culture and creativity in Fingal. Moreover, I personally had the pleasure, as Mayor of Fingal, of launching the annual 2017 Creative Fingal Programme at Swords Castle in the company of An Taoiseach, Leo Varadkar, T.D. where we were treated to a showcase of the emerging talent of our young and diverse community through song, rap and dance.

Our community and local groups have continued to demonstrate their commitment to contributing to culture and creativity by running festivals and events and availing of support through Arts, Community and Events funding.

My colleagues on the Council have been hugely supportive, participating in consultation events and attending the many creative cultural activities across the county.

In December 2017, An Taoiseach, Leo Varadkar, T.D., together with the Minister for Culture, Heritage and the Gaeltacht, Ms. Josepha Madigan, T.D., the Minister for Education and Skills, Mr. Richard Bruton T.D., and Minister for Finance, Public Expenditure and Reform, Mr. Paschal Donohoe T.D., launched Creative Ireland's comprehensive Creative Youth plan. This is very exciting news for us particularly as we have the fastest growing young population in the country; 29% of the population in Fingal is under the age of 18 years, and 16% of Fingal residents are from new communities. We also welcome the new plans for Cruinniú, which will be a national day for children. We look forward to the opportunities this will present to engage with our children and young people in Fingal to celebrate culture and creativity.

I strongly believe in the core proposition of the National Programme, that participating in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant benefits for individual and societal well-being.

I am delighted to launch this strategy which identifies strategic priorities and a range of innovative and creative, collaborative projects. This will facilitate the sustained impact of the Creative Fingal initiative, beyond the life of the annual programmes of events, through on-going public engagement and interagency collaboration with a range of stakeholders across all sectors in Fingal.

**Cllr Mary McCamley**
Mayor of Fingal

# 2 Focal ón bPríomhfheidhmeannach
## Chief Executive's Foreword

TÁ CLÁR ÉIRE Ildánach bunaithe ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta agus is iad Comhar agus Cumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú na prionsabail oibriúcháin atá taobh thiar de. Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla i dtaobh an clár a reáchtáil ar an leibhéal áitiúil agus tá sainordú eisiach tugtha dóibh, trí na foirne cultúir atá acu, Colún 2 den chlár a chur i ngníomh, .i. Bonn a Chur faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal.

Is i bhFine Gall atá an daonra is óige agus is gasta fás in Éirinn. Is iomaí cúlra eitneach agus cultúrtha éagsúil atá ann sa chontae agus tháinig 16% den phobal ar an saol taobh amuigh d'Éirinn. Tá fórsa saothair dea-oilte againn le tacú le forbairt gheilleagrach agus nuálaíocht agus tá pobal beo beathach cleachtóirí cruthaitheacha agus ealaíontóirí againn, leis.

Tá saineolas ag daoine dár bhFoireann Cultúir Chruthaithigh ar na healaíona, oidhreacht, bithéagsúlacht, caomhantas, pobal, spórt, leabharlanna, teicneolaíocht agus turasóireacht, agus ó chuir an Chomhairle tús le Clár Fhine Gall Ildánach in 2017 tá an Fhoireann sin i gceannas ar chlár éagsúil, spleodrach a chur i ngníomh a bhfuil sé mar aidhm aige na saoránaigh uile sa chontae a mhealladh chun a bheith páirteach i saol na cruthaitheachta agus an chultúir. Chuir tacaíocht raon páirtithe leasmhara, agus an comhoibriú eatarthu, ar ár gcumas a chinntiú go n-éireodh go hiontach maith le Clár Fhine Gall Ildánach, rud nach dtarlódh gan iad.

I measc na dtionscnamh nuálach a bhí ann in 2017 bhí tochailtí seandálaíochta pobail ag Caisleán Shoird agus Caisleán Bhrí Mhór, chomh maith le Resort Revelations, ar chlár cónaitheachtaí ealaíonta agus acadúla é ag Páirc Tithe Soghluaiste Lynder i bPort Reachrann. Thug an Clár STEAM do Leabharlanna deiseanna do dhaoine óga a bheith cruthaitheach trí chódú, lego agus oibriú le clódóirí 3T, agus iad ag forbairt agus ag feidhmiú scileanna san eolaíocht, sa mhatamaitic agus sa teicneolaíocht ag an am céanna. Tá muid fós tiomanta d'fholláine ár bpobail a chur chun cinn agus déanfaimid amhlaidh ach deiseanna a thabhairt dóibh bheith cruthaitheach agus eolas a chur ar chultúr saibhir Fhine Gall.

Tá an pobal agus an cultúr ar leith atá againn i gcroílár na straitéise seo agus reáchtáladh comhairliúchán poiblí le bheith mar bhonn agus mar thaca aici. Is treochlár í ar dá réir a leanfaimid orainn ag forbairt cláir chuimsitheacha a thabharfaidh deiseanna do dhaoine ó gach uile chúlra, idir óg agus aosta, ar fud an chontae dul i ngleic le saol an chultúir agus na n-ealaíon sa chiall is leithne d'fhonn a gcuid cruthaitheachta a fhorbairt agus a bhfolláine a fheabhsú.

Bunaithe ar na tosaíochtaí a bhfuil sainaithint déanta orthu i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall, cuirfimid clár bliantúil eile i dtoll a chéile don bhliain 2018, arb í Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha í, chun ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr agus cruthaitheacht i bhFine Gall. Beidh muid sa tóir i gcónaí ar dheiseanna nua le comhoibriú leis an bpobal agus le hiad a spreagadh chun geábh a bhaint as saol na cruthaitheachta trí na cláir ealaíon, leabharlainne, spóirt, oidhreachta agus phobail atá againn. Mar shampla, beidh Lá Idirnáisiúnta na Séadchomharthaí agus na Láithreán ar an 18 Aibreán dírithe ar théama na hóige, agus tá muid chun an deis a thapú le scód a ligean leis na daoine óga breathnú thart ar a bhfuil d'oidhreacht chultúrtha agus cruthaitheacht sa chontae.

THE CREATIVE IRELAND Programme is built around the themes of identity, culture and citizenship with core operating principles of Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation. Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community.

Fingal has the fastest growing and youngest population in Ireland. The county is ethnically and culturally diverse with 16% of the population born outside of Ireland. We have a well-educated and skilled workforce to support economic development and innovation and a vibrant and active community of creative practitioners and artists.

Since the Council embarked on the Creative Fingal Programme in 2017, the Creative Culture Team, which brings together expertise in arts, heritage, biodiversity, conservation, community, sport, libraries, technology and tourism, has led the delivery of a diverse and exciting programme to increase engagement for all of our citizens with creativity and culture. The support and collaboration of a range of stakeholders has allowed the Creative Fingal Programme to grow and flourish and is critical to its success.

In 2017 innovative initiatives ranged from community archaeology digs at Swords and Bremore Castles to Resort Revelations involving artistic and academic residencies at Lynder's Mobile Home Park in Portrane. The Library STEAM Programme offered opportunities for young people to engage creatively through coding, lego and working with 3-D printers, while developing and applying their science, maths and technology skills. We are committed to continuing to support the wellbeing of our community, through providing opportunities for creativity, and engagement with the rich culture of Fingal.

Our unique community and culture are at the heart of this strategy which, guided by public consultation, provides us with a roadmap to continue to develop inclusive programmes that provide opportunities for people of all ages and backgrounds, across the county to develop their creativity and enhance their wellbeing through engaging in culture and arts in the broadest sense.

Guided by the priorities identified in the Fingal Culture and Creativity Strategy, we will deliver another annual programme to celebrate culture and creativity in Fingal for 2018, which is the European Year of Cultural Heritage. We will continue to search for fresh opportunities to collaborate and engage the community in creativity through our arts, libraries, sports, heritage and community programmes. For example, April 18th International Day of Monuments and sites, will focus on the theme of youth, and we look forward to engaging our young population in exploring cultural heritage and creativity.

Ullmhaíodh an straitéis seo i gcomhthráth le forbairt Thuarascáil an Tascfhórsa Náisiúnta um Meabhairshláinte na hÓige agus táthar ag súil go gcuirfidh cuid de bhearta Chlár Éire Ildánach le bearta eile sa phobal ach tacú le 'spásanna a thacaíonn le daoine óga', .i. saoráidí spóirt agus cultúir a chabhraíonn le dea-mheabhairshláinte a chur chun cinn.

Creideann muid go láidir go bhfeabhsófar an saol i bhFine Gall mar thoradh ar Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall agus tá muid lántiomanta do chlár spreagúil, fiúntach a chur i ngníomh.

**Paul Reid**
Príomhfheidhmeannach

This strategy has been drawn up in parallel with the development of the National Youth Mental Health Taskforce Report and it is envisaged that a number of the Creative Ireland measures will complement other actions in the community by supporting 'youth friendly' spaces, sporting and cultural facilities that are conducive to promoting good mental health.

We firmly believe that the implementation of the Fingal Culture and Creativity strategy will lead to a better Fingal and are firmly committed to delivering an exciting and meaningful programme.

**Paul Reid**
Chief Executive



"Pluais na smuigléirí" , Bá anTúir, Port Reachrann, suíomh "Entirely hollow aside for the dark" le Alan James Burns, Resort Revelations, Páirc Tithe Soghluaiste Lynders, Clár Ealaín Phoiblí 2016

*"Smugglers Cave", Tower Bay, Portrane,site of Entirely hollow aside from the dark by Alan James Burns, Resort Revelations, Lynders Mobile Home Park Public Art Programme 2016.*

# 3 Cultúr agus Cruthaitheacht i bhFine Gall

## Culture and Creativity in Fingal

IS SAIBHIR AN oidhreacht chultúrtha, nádúrtha, seandálaíochta agus ailtireachta atá againn i bhFine Gall agus is ón oidhreacht sin a fhaigheann muintir na háite agus cuairteoirí araon inspioráid agus tuiscint ar cé hiad féin. Tá sí le feiceáil feadh an chósta fhada, in áilleacht na tuaithe, san fhiadhúlra agus plandaí, sna séadchomharthaí ársa, sna tithe stairiúla agus sna teachíní ceann tuí ón sean-am. Tá sí le cloisteáil sna scéalta, sa cheol, i gcaint na daoine (agus lorg Chanúint Fhine Gall fós uirthi) agus sa bhéaloideas. Tá sí le blaiseadh sna táirgí a chuireann ár dtionscadail ghairneoireachta, talmhaíochta agus iascaireachta amach, atá ann leis na céadta bliain agus a sholáthair bia do Chathair Bhaile Átha Cliath agus don cheantar máguaird chomh fada siar leis na meánaoiseanna.

Na tuamaí pasáiste i mBrí Mhór; na lonnaíochtaí meánaoiseacha i Sord agus i Lusca; na caisleáin, tithe oidhreachta, diméinte agus tírdhreacha deartha i Mullach Íde agus in Ard Giolláin; agus na teachíní ceann tuí i dtuaisceart an chontae, léiríonn siad ar fad go bhfuil traidisiún na cruthaitheachta agus an chultúir ann le fada an lá.

Tá méadú beagnach 80% tagtha ar an daonra le 20 bliain anuas agus anois tá Fine Gall ina contae spleodrach, bríomhar, a bhfuil daonra óg, éagsúil agus pobal ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha ann. Tá suim láidir ag pobal an chontae sa chultúr chomh maith.

Is léir éagsúlacht na cruthaitheachta agus an chultúir atá i bhFine Gall i dtraidisiúin an ama atá thart, atá anois ag cur bonn faoi chultúr an lae inniu. Tá an traidisiún cruthaitheach sin le feiceáil i bhfoirgnimh dhúchasacha agus sa chaoi a n-úsáidtear scileanna traidisiúnta go fóill, ar nós na tuíodóireachta. Is téamaí lárnacha iad an nuálaíocht agus an chruthaitheacht i ndearadh Cheantar Cultúrtha Shoird, a bheidh ina mhol cultúir agus cruthaitheachta don chontae.

FINGAL HAS A rich cultural, natural, archaeological and architectural heritage that defines and inspires the people that live, study, work and visit here. It is visible in the extensive coastline, rolling countryside, native wildlife and plants, ancient monuments, historic houses and vernacular thatched cottages. It is heard in the local histories, music, colloquialisms (derived from "Fingallian Speech"), folklore traditions and stories. It is tasted in the produce from our centuries old horticulture, agriculture and fishing industries where even in medieval times Fingal is noted as supplying food for Dublin city and its hinterland.

The passage tombs of Bremore, the medieval settlements at Swords and Lusk, and the castles, heritage houses, demesnes and designed landscapes at Malahide and Ardgillan and the distinctive thatched houses of the north county reflect a strong history of creativity and culture.

In the last twenty years the population has grown by close to 80% and Fingal is now a vibrant County with a young and diverse population and an active community of artists and creative practitioners and strong interest among the community in culture.

The diverse nature of creativity and culture in Fingal is reflected in the traditions of the past which have evolved into the cultural landscape of the present. This creative tradition, is evident in vernacular buildings and the use of traditional skills such as thatching. Innovation and creativity will be central to the process of design of the Swords Cultural Quarter, which will be a hub for culture and creativity in the county.

A long-standing tradition of performance and celebration of culture can be traced from the plays of the 'Mummers' on St Stephen's Day, to the many active amateur dramatics groups of



Is féidir an traidisiún seanbhunaithe taibhléirithe agus ceiliúrtha a rianú chomh fada siar le drámaí na 'gCleamairí' ar Lá Fhéile Stiofáin, agus suas go dtí na grúpaí drámaíochta amaitéaraí atá againn sa lá atá inniu ann. Tá lorg an traidisiúin sin le feiceáil freisin ar na féilte áitiúla spleodracha a chuirtear ar siúl gach bliain, a dhéanann ceiliúradh ar an gcósta, ar an bhfómhar agus ar ghnéithe eile dár n-oidhreacht áitiúil.

Tá traidisiún láidir ceoil i bhFine Gall chomh maith, rud a fheictear go soiléir ag imeachtaí, amhail Féile Soundwaves sna Sceirí, agus sa naisc chultúrtha atá againn leis an bpíobaire uilleann agus file mór le rá Séamus Ennis. Leagadh béim i rith an Chomórtha Céad Bliain ar thraidisiún na mbannaí píob sa chontae. Chuige sin, cheoil Banna an Fhiaigh Dhuibh, ar bhunaigh Thomas Ashe é i gcomhar le daoine eile, ag roinnt imeachtaí éagsúla, Comóradh Céad Bliain a Bháis in 2017 ina measc. Deis ab ea seoladh Chlár Éire Ildánach don bhliain 2017 na hoirfidigh atá ag teacht chun cinn sa Chontae a chur os comhair an phobail, an t-amhránaí is scríbhneoir Soulé ina measc.

Is beo bríomhar atá earnáil na n-amharcealaíon i bhFine Gall chomh maith, idir amaitéaraigh agus ghairmithe. Bhí ar ealaíontóirí riamh léargas ginearálta a fháil ar phróifílí tuaithe, uirbeacha agus cósta Chontae Fhine Gall de bharr a mhéad agus a éagsúla atá sé, agus dul ar aistear le cíoradh a dhéanamh orthu ar bhealach fisiceach agus meafarach araon.

today and the growing and vibrant range of local festivals celebrating the coast, the harvest and other aspects of local heritage.

Fingal has a strong tradition of music reflected in events like the annual Soundwaves festival in Skerries and in the cultural connections to Seamus Ennis, renowned uilleann piper and poet. A longstanding tradition of pipe bands in the county was highlighted during the Centenary Commemorations when the Black Raven band, which was co-founded by Thomas Ashe, played at a range of events including the Centenary of his death in 2017. The launch of the Creative Ireland Fingal Programme for 2017 was an opportunity to Showcase emerging talent in the County, including singer-songwriter Soulé.

Fingal has a vibrant visual arts sector among both the amateur and professional arts sectors. The sheer scale and diversity of the county of Fingal has always required the artist to take a broad overview of its rural, urban and coastal profiles and by way of exploration, journey through them physically and metaphorically.

## Moil Chruthaitheachta

Cuireann an t-ionad ealaíon 'Draíocht' agus Ionad Ealaíon Shéamuis Mhic Aonghusa, atá maoinithe tríd an Oifig Ealaíon agus atá faoi úinéireacht Chomhairle Contae Fhine Gall, cuireann siad cláir imeachtaí, taibhléirithe, taispeántas agus oideachasúla ar siúl ó thús deireadh na bliana. Is eiseamláirí cultúir agus cruthaitheachta iad an dá ionad ealaíon agus d'fhéadfá a rá gurb iad croílár na cruthaitheachta iad do na pobail uile i bhFine Gall.

Tá athrú tagtha de réir a chéile ar ról na nÚdarás Áitiúil le roinnt blianta anuas, rud a fhágann anois go bhfuil an Chomhairle freagrach as forbairt gheilleagrach, go bhfuil páirt lárnach aici i bhforbairt phobail agus áitiúil, chomh maith le ról comhordaithe agus ceannaireachta ar bhonn áitiúil. Tá an t-athrú seo léirithe in eochairthionscadail amhail athchóiriú Chaisleán Shoird, a bheidh suite i lár Cheantar Cultúrtha Shoird. Is mórfhorbairt infreastruchtúir é ar son na cruthaitheachta agus an chultúir sa chontae agus tá sé ar na bacáin anois. Freastalóidh an tionscadal nua seo ar riachtanais cleachtóirí cruthaitheacha, spreagfaidh cnuasghníomhaíocht chultúrtha, agus beidh mar mhol don phobal, áit ar féidir leo teacht i dteagmháil leis na healaíona, le cruthaitheacht agus le hoidhreacht.

## An Oifig Ealaíon

De réir an Achta Ealaíon, 2003, éilítear ar Chomhairle Contae Fhine Gall plean reatha forbartha ealaíon a fhoilsiú. Cuirfidh sé sin saol reatha na n-ealaíon ar bhonn náisiúnta agus áitiúil araon i gcomhthéacs straitéis náisiúnta Chultúr Éireann agus Chultúr 2025. Is é an taighde a dhéanfar le haghaidh Phlean Ealaíon Fhine Gall, 2018–2025, a chuirfidh bonn eolais faoin gcur chuige seo i leith soláthar ealaíon sa chomhthéacs seo agus déanfar i gcomhthráth le Creat-Chomhaontú na Comhairle Ealaíon 2018–2025 é.

## Creative hubs

Draíocht Arts Centre and the Seamus Ennis Arts Centre, both funded through the Arts Office and owned by Fingal County Council, produce year-round programmes of events and performance, exhibitions and educational programmes. Both Arts Centre are beacons of culture and creativity and act as hubs of creativity for all communities in Fingal.

The evolving role of Local Authorities has resulted in an increased role for the Council in supporting economic development, closer involvement in community and local development, and a broad co-ordination and leadership role locally. This is reflected in key projects such as the restoration of Swords Castle, which lies at the heart of the planned Swords Cultural Quarter, a major infrastructural development for creativity and culture in the county. This exciting new project will respond to the needs of creative practitioners, encourage clustered cultural activity, and provide a hub for community engagement with arts, creativity and heritage.

## The Arts Office

Under the 2003 Arts Act, Fingal County Council is required by legislation to publish a current arts development plan. This will contextualise the current national and local arts landscape in relation to the national Culture Ireland strategy and Culture 2025. The approach to arts provision within this context will be informed by the research for the Fingal Arts Plan 2018–2025 and will be done in parallel with the Arts Council Framework Agreement 2018–2025.



Dearfaidh Oifig Ealaíon Fhine Gall deiseanna do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara le páirt a ghlacadh i smaointeoireacht chruthaitheach agus taighde gníomh-bhunaithe. Rachaidh an Oifig Ealaíon i mbun roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin a spreagfaidh daoine chun a bheith páirteach i bhforbairt an tsoláthair ealaíon i bhFine Gall.

Bainfidh an Oifig Ealaíon leas as an réimse leathan saineolais atá ar fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus samhalacha nua soláthair ealaíon sa ríocht phoiblí chultúrtha á gcur faoi chaibidil. Leis an gcur chuige sin, tá an Oifig Ealaíon chun dul isteach i gCreat-Chomhaontú na Comhairle Ealaíon, 2018–2025 d'fhonn obair a fhorbairt sna réimsí siúd atá mar bhonn agus mar thaca ag comhshuimeanna, agus a léireoidh freisin cuid mhaith de threoirphrionsabail Chlár Éire Ildánach.

Beidh ceithre phríomhréimse beartais de chuid Phlean Ealaíon Fhine Gall, 2013–2017 ina dtúsphointe i dtaobh an mhodheolaíocht a dhearadh don Phlean Ealaíon agus do Chreat-Chomhaontú na Comhairle Ealaíon atá beartaithe.

1. Tacaíocht do na hEalaíona
2. Infreastruchtúr agus Beartas
3. Rannpháirtíocht an Phobail / Rochtain agus Rannpháirtíocht an Spriocghrúpa
4. Comhpháirtíochtaí

Fingal Arts Office will design opportunities for citizens and stakeholders to take part in creative thinking and action-based research. The Arts Office will engage in a number of consultative activities which will encourage participation in the development of arts provision in Fingal.

The Arts Office will draw on a wide range of expertise nationally & internationally as consideration is given to new models of arts provision in the cultural public realm. With this approach the Arts Office are entering into the Arts Council Framework Agreement 2018–2025 to develop work in the areas which underpin shared interests, and which will also reflect many of the core values of Creative Ireland.

Four key policy areas from the current 2013–2017 Fingal Arts Plan will be the starting point, in designing the methodology for the forthcoming Arts Plan and Arts Council Framework Agreement.

1. Arts Support
2. Infrastructure & Policy
3. Public Participation / Access & Audience Engagement
4. Partnerships

### Tacú le healaíontóirí

Meastar go bhfuil thart ar 300 ealaíontóir gairmiúil ag obair agus ag cur fúthu i bhFine Gall faoi láthair. Tacaíonn Oifig Ealaíon Fhine Gall le pobal cruthaitheach an chontae ach scéim tacaíochta d'ealaíontóirí a reáchtáil gach bliain , rud is aidhm leis tacú le healaíontóirí gairmiúla aonair arb as Fine Gall dóibh a gcleachtas ealaíonta a fhorbairt. Féachann sí le ham agus acmhainní a chur ar fáil d'fhonn tacú le healaíontóirí smaoineamh ar chleachtas ealaíonta, taighde agus machnamh a dhéanamh air, agus ansin dul i ngleic leis. Bíonn sí ar oscailt d'ealaíontóirí gníomhacha ag gach céim dá saol oibre gairmiúil, bídís ag obair sa cheol, sna hamharcealaíona, sa drámaíocht, sa litríocht nó sa damhsa.

Tacaíonn Comhairle Contae Fhine Gall le healaíontóirí gairmiúla tríd an gClár Ealaín Phoiblí, Óige agus Oideachais chomh maith. Tugann sé seo deiseanna ar leith d'ealaíontóirí caidreamh a bhunú le saoránaigh, bailte agus pobail ar bhealaí nua, bríomhara, agus scéalta a insint faoin áit a bhfuil cónaí orainn agus faoin gcaoi a mairimid sa lá atá inniu ann. Iarrann Infreastruchtúr 2017–2021[2] ar ealaíontóirí breathnú ar an saol as an nua, cuairt agus athchuairt a thabhairt ar áiteanna, éisteacht le stair agus le daoine, agus tosú ag rianú na bpatrún a dhéanann naisc agus comparáidí idir a bhfuil áitiúil agus domhanda, agus iarrann orthu freisin breathnú ar Fhine Gall mar dhomhnán de shaol a bhíonn ag athrú de shíor.

1. *Tá an Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí* ar cheann de na tionscnaimh a bhí i bPlean Ealaíon Fhine Gall, 2013–17. Cuirfidh an snáithe nua seo ar chumas ealaíontóirí gairmiúla deontas a fháil faoi chomhair deiseanna taistil / forbartha gairmiúla, cónaitheachta, nó forbairt saothair.
2. *Infreastruchtúr* 2017–2021 céatadán Chomhairle Contae Fhine Gall i gcomhair Chlár Ealaíne 2017–2021. Ó 2017 go 2021, beidh Comhairle Contae Fhine Gall ag coimisiúnú ealaíontóirí le saothair agus tionscadail nua ealaíne a chruthú in éineacht agus ar mhaithe leis na pobail a bhfuil cónaí orthu agus a oibríonn sa chontae.

### Supporting artists

It is estimated that there are approximately 300 professional artists living and working in Fingal at present. The Fingal Art's Office supports the creative community of the county with the annual Artists' Support Scheme[1], the objective of which is to support individual professional artists from Fingal to develop their artistic practice. The award seeks to provide time and resources to think, research, reflect and engage with artistic practice and is open to practising artists at all stages in their professional careers working in music, visual art, drama, literature and dance.

Fingal County Council also supports professional artists through the Public Art and Youth & Education Programme This facilitates unique opportunities for artists to engage with citizens, towns and communities in new and meaningful ways, and to tell stories about where and how we live now. Infrastructure 2017–2021[2] invites artists to see anew, to visit and return, to listen to histories and people, tracing the patterns that make connections and comparisons between local and global, with Fingal placed as a microcosm of an ever-changing world.

1. Artists' Support Scheme is one of the initiatives from the 2013–17 Fingal Arts Plan. This new strand allows for professional artists to avail of an award towards travel / professional development opportunities, a residency, or towards the development of work.
2. Infrastructure 2017-2021 is Fingal County Council's Per Cent for Art Programme 2017–2021. From 2017 to 2021, Fingal County Council is commissioning artists to create new artworks and arts projects with and for its communities living and working across the county.



Leanfaidh Clár Éire Ildánach Fhine Gall ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na daoine ar fad a oibríonn in earnáil na n-amharcealaíon, scannánóirí ina measc, d'fhonn iad a spreagadh chun an iliomad áiteanna áille, éagsúla atá i bhFine Gall a úsáid i dtabhairt chun críche a saothair.

### Leanaí, Daoine Óga agus an tOideachas

Is i bhFine Gall atá an daonra is óige agus is gasta fás in Éirinn. Ar phríomhghné de Chlár Fhine Gall Ildánach beidh cláir atá ar an bhfód cheana a fheabhsú d'fhonn tacú le cruthaitheacht agus tionscnaimh nua a fhorbairt do dhaoine óga.

Tá réimse fairsing clár nuálach do dhaoine óga curtha i dtoll a chéile ag Oifig Ealaíon Fhine Gall, lena n-áirítear Space Invaders agus Room 13 Inquiry. Féile Idirnáisiúnta Ealaíon is ea Space Invaders ag Farmleigh, atá dírithe ar leanaí 0-5 bliana agus a dteaghlach. Aithníonn sé cé chomh tábhachtach is atá sé tacú le foghlaim, forbairt agus folláine ealaíonta leanaí, na ndaoine a thugann aire dóibh agus a n-oideoirí.

Is éard is Room 13 Inquiry ann ná tionscadal comhoibritheach oideachais ealaíne a chabhraíonn le scoileanna i bhFine Gall a fhiosrú an bhféadfaidís stiúideo ealaíne a óstáil dá gcuid daltaí. Is é an tionscadal idirnáisiúnta cáiliúil Room 13 ba bhun leis agus déantar foráil do stiúideo ealaíne ar leith agus ealaíontóir cónaithe i ngach ceann de na scoileanna. Ina theannta sin, eagraítear sraith cuairteanna ar stiúideonna agus taispeántais ealaíontóirí do na daltaí le deis a thabhairt dóibh teacht i dteagmháil le healaín chomhaimseartha i

3. Is comhpháirtíocht idir Comhairle Contae Fhine Gall, *Colourstrings Music with Jackie* agus Acting Up Arts é *Space Invaders*

Fingal Creative Ireland will continue to offer support to all those who work in the area of visual arts, including film makers, to encourage them to use the many beautiful and diverse locations in Fingal, in the execution of their work.

### Children, Young People & Education

Fingal has the youngest and fastest growing population in Ireland. A key aspect of the Creative Fingal Programme will be to enhance existing programmes that help to build capacity to support creativity and develop new initiatives for young people.

The Fingal Arts Office has developed an extensive range of innovative programmes for young people including Space Invaders and Room 13 Inquiry. Space Invaders[3] at Farmleigh is an International Arts Festival for children aged 0-5 years and their families. It recognises the importance of supporting the artistic learning, development and wellbeing of children, their carers and educators.

Room 13 Inquiry is a collaborative art education programme that assists schools in Fingal to investigate the concept of hosting an art studio for their students. It is inspired by the renowned Room 13 International project and includes the provision of dedicated art studio space and an artist-in-residence in each school. In addition, a series of programmed visits to artists' studios & exhibitions are scheduled for the students to engage with contemporary art in different contexts. Each school studio operates differently and is responsive to the interests, needs and imaginations of the children and

3. Space Invaders is a partnership between Fingal County Council, Colourstrings Music with Jackie and Acting Up Arts




Ag ceiliúradh Seoladh Clár Éire Ildánach Fhine Gall

*Celebrating the launch of the Fingal Creative Ireland programme*





gcomhthéacsanna difriúla. Is faoi gach aon scoil atá sé cén chaoi a n-oibrítear an stiúideo ach caithfidh sé bheith freagrúil do riachtanais agus samhlaíocht na leanaí agus na n-ealaíontóirí atá páirteach ann. Is éard atá i ngach stiúideo ná spás inar féidir le daoine smaointe, saineolas, áiseanna, agus freagrachtaí a roinnt, mar aon le healaín a dhéanamh le linn an lae scoile. Tá forbairt scileanna fiontraí agus fiontraíochta na ndaltaí ina gné thábhachtach den chlár.

### Cruthaitheacht sa chiall is leithne

Tá níos mó ná na healaíona, ceol agus litríocht i gceist leis an gcruthaitheacht i bhFine Gall, agus cuimsíonn sí freisin an smaointeoireacht chruthaitheach i réimse disciplíní amhail faisean; dearadh; eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht. Tá an méid sin soiléir inár n-oidhreacht thionsclaíoch agus sna gnóthais a dhéanann cinneadh lonnú i bhFine Gall.

D'imir traidisiúin na gairneoireachta agus na talmhaíochta sa chontae tionchar ar dhearadh Ghairdín Meánaoiseach Bhrí Mhór, a bhain an Bonn Airgid Óraithe ag Bloom in the Park 2016. Ba chomhthionscadal é ar chuir Comhairle Contae Fhine Gall tús leis i gcomhar le léachtóirí agus mic léinn de chuid Instítiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITBB). Fuair an téama meánaoiseach spreagadh ó stair Chaisleán Bhrí Mhór agus ó bhaint an cheantair le Naomh Mológa, ar naomh Éireannach de chuid an 7ú haois é a raibh clú air as beachaireacht. Leag an dearadh béim ar scileanna ar nós na snoíodóireachta adhmaid agus na tógála cloiche, agus baineadh úsáid as cloch athchúrsáilte ó láithreán Chaisleán Bhrí Mhór, saileach áitiúil ó na Sceirí le haghaidh imill na gceapach ardaithe, agus coirceoga caolaigh lámhdhéanta traidisiúnta.

artists involved. The studios act as a space where people can share ideas, expertise, facilities, and responsibilities and make art during the school day. The development of pupils' entrepreneur and enterprise skills is an important element of the programme.

### Creativity in the broadest sense

Creativity in Fingal is not limited to the arts, music and literature but extends into creative thinking across a range of disciplines including fashion, design, science technology and engineering. This is reflected in our industrial heritage and in the businesses that choose to locate in Fingal.

The county traditions of horticulture, agriculture influenced design of the Silver Gilt Medal winning Bremore Medieval Garden at 'Bloom in the Park' 2016, a collaboration project initiated by Fingal County Council in conjunction with the lecturers and students of the Institute of Technology, Blanchardstown (ITB). The medieval theme took inspiration from the history of Bremore Castle, the area's association with St Mologa, a Seventh Century Irish saint long renowned for beekeeping. The design highlighted skills such as wood carving and stone building and used recycled stone from the Bremore Castle site, local willow from Skerries for edges of raised beds, and Irish handmade grass bee hives (skeps).

The thread of creativity in Fingal runs through community engagement and is demonstrated in innovative partnerships, such as the one between the Institute of Technology, Blanchardstown and Fingal Public Participation Network. Using workshops, conducted through the creative medium of story-telling, the project explored what wellbeing means to residents of Fingal and acted as a catalyst to promote further acts of wellbeing and creativity.

Sníonn an chruthaitheacht trí rannpháirtíocht an phobail agus tá sé le feiceáil i gcomhpháirtíochtaí nuálacha, amhail an ceann idir Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall. Mar chuid den tionscadal seo cuireadh ceardlanna ar siúl trí mheán cruthaitheach na scéalaíochta le cíoradh a dhéanamh ar ar chiallaigh folláine do mhuintir Fhine Gall, rud a spreag tuilleadh folláine agus cruthaitheachta.

Aithnítear i dTionscadal Éireann 2040, .i. polasaí foriomlán an Rialtais chun Éire a dhéanamh ina tír níos fearr do chách, go n-imríonn an oidhreacht chultúrtha ról tábhachtach i gcomhtháthú sóisialta; in inbhuanaitheacht ár mbailte, cathracha, sráidbhailte agus ceantar tuaithe; agus i gcarachtar agus tarraingteacht áiteanna.

## Comhairliúchán

Is é próiseas comhairliúcháin a chuir bonn eolais faoin straitéis seo, lena n-áirítear;

- Cruinnithe comhairliúcháin phoiblí agus fáilte a chur roimh aighneachtaí ar líne
- Comhairliúchán *Your Say, Your Way* le daoine óga a bhí ag glacadh páirt i gcláir chruthaitheacha i nDraíocht, i mBaile Átha Cliath 15
- Seisiúin thrasrannacha ransaithe smaointe agus seisiúin eolais do bhaill foirne ag am lóin

Tá rannpháirtíocht agus comhairliúchán pobail ina gcuid lárnach d'obair Chomhairle Contae Fhine Gall anois. Tá modhanna nua comhairliúcháin phoiblí á gcur i bhfeidhm le bonn eolais a chur faoi straitéisí nua, lena n-áirítear Clár Éire Ildánach agus an Plean Oidhreachta, mar shampla, an comhairliúchán Your Say, Your Way le daoine óga a bhí ag glacadh páirt i gcláir chruthaitheacha i nDraíocht i mBaile Átha Cliath 15. Léiríonn

The role of cultural heritage as a key contributor to social cohesion, the sustainability of our towns, cities, villages and rural areas and to the character and attractiveness of places is recognised in Project Ireland 2040, the Government's overarching policy to make Ireland a better country for all of us.

## Consultation

This strategy is informed by a process of consultation including;

- Public consultation meetings and invitation for online submissions
- *Your Say, Your Way* consultation with young people involved in creative programmes at Draíocht, in Dublin 15
- Cross departmental staff ideas storming workshops and staff information lunchtime sessions

A greater focus on community engagement and consultation, is now a core aspect of Fingal County Councils work. New methods for public consultations, including for example, the *Your Say, Your Way* consultation with young people involved in creative programmes at Draíocht in Dublin 15, are being applied to inform the development of strategies including the Creative Ireland programme and the Heritage Plan. Participants descriptions reflect the broad nature of creativity encompassing creative ideas, making and doing.







Ag breathnú ar an t-am atá thart ag Caisleáin Shoird

*Exploring the past in Swords Castle*

sleachta na rannpháirtithe nádúr leathan na cruthaitheachta, a chuimsíonn smaointe cruthaitheacha, rudaí a chruthú agus rudaí a dhéanamh.

> *'Rud éigin ar féidir leat úsáid a bhaint as le rud éigin ar leithligh nó difriúil a dhéanamh'*
>
> *'Ag smaoineamh go cruthaitheach, ag teacht ar naisc, ag triail rudaí agus ag déanamh rudaí ar bhealach nua'*
>
> *'Scód a ligean le do shamhlaíocht agus teacht ar smaointe ar leatsa agus leatsa amháin iad'*
>
> *'Damhsa, tarraingt, scríobh agus a bheith samhlaíoch'*
>
> *'Bealach le cé thú féin a chur in iúl'*
>
> *'Do chuid smaointe nó mothúchán a chur in iúl trí mheán cruthaitheach. Smaoineamh as an nua atá ann i ndáiríre'*

Ghlac Comhairle na nÓg, Fine Gall páirt i gcomhairliúchán ar fhorbairt an Phlean Oidhreachta agus bhí moltaí acu maidir le daoine a mhealladh isteach ach béim a leagan ar chuir chuige idirghníomhacha, spraíúla, phraiticiúla a chomhtháthú le féilte agus imeachtaí a bhíonn ar siúl cheana féin.

Mar thoradh ar an gcruinniú comhairliúcháin phoiblí a tionóladh ag tús phróiseas forbartha na straitéise fuarthas tuiscint ar na gnéithe áirithe de Chlár Éire Ildánach a tharraingíonn iúl an phobail.

> *'Ár scéal a insint ar bhealach dearfach; fóram a fháil ina mbeidh daoine in ann an scéal a insint trí cibé meán is mian leo.'*

Chuir an lucht freastail fáilte roimh thionscnamh Éire Ildánach a bheag nó a mhór mar bhealach le cur le próifíl na n-ealaíon, agus bhí den tuairim gur láidreacht é an cur chuige pobalbhunaithe, daonlathaithe 'ar leibhéal na talún' a aithníonn

> *'Something that you can use to make something unique or different'*
>
> *'Thinking laterally, finding connections, experimenting and looking for new ways to do things'*
>
> *'Your imagination running wild and forming ideas that are your own'*
>
> *'Dancing, drawing, writing and being imaginative'*
>
> *'A way of expressing who you are and your own unique self'*
>
> *'An expression of your thoughts or feelings through a creative medium. It is to think outside the proverbial box'*

Fingal Comhairle na nÓg also took part in consultation on developing the Heritage Plan and had suggestions about engaging people, with an emphasis on interactive, fun and hands on approaches integrated into existing festivals and events.

The public consultation meeting at the outset of the process of developing this strategy revealed aspects of the Creative Ireland programme that appeal to the community.

> *'Speak our story in a positive way, find a forum for people to tell the narrative in whatever medium they want'.*

Attendees broadly welcomed the Creative Ireland initiative as a way to raise the profile of arts, and saw the community led, democratised, not all high level but 'ground level' approach that recognises the contribution of culture and creativity to wellbeing as strengths.





cé chomh tábhachtach is atá an cultúr agus an chruthaitheacht d'fholláine an duine.

> *'Tá an stuif seo á rá ag ealaíontóirí pobail leis na cianta'*
>
> *'Déanfaidh sé an chruthaitheacht, an cultúr agus na healaíona ina ngnáthchuid den saol laethúil, ar nós dul chuig an bpictiúrlann'*
>
> *'Má chuirtear an síol, fásfaidh sé, agus forbróidh uaidh féin'*

Chuir an lucht freastail fáilte roimh dheiseanna le haithne a chur ar dhaoine eile, fóraim phlé, oidhreacht agus na healaíona a nascadh le chéile agus roimh an bhfócas ar leanaí agus daoine óga.

> *'Tá neart cumas ealaíne ann i bhFine Gall, ach uaireanta bíonn muid ag obair linn féin gan aon teagmháil le healaíontóirí eile'*
>
> *'Chuaigh 'rochtain ar theagasc' go mór i gcion ormsa'*

Bhí imní faoi acmhainní agus faoin tionchar a bheadh aige ar ról agus slí bheatha an ealaíontóra ghairmiúil. Ardaíodh chomh maith gur gá tacaíochtaí breise a chur ar fáil d'ealaíontóirí.

> *'Ní foláir dúinn bheith ionraic linn féin; ní leor caint san aer. Caithfear infheistíocht a dhéanamh in ealaíontóirí gairmiúla'*

Nuair a fiafraíodh díobh céard is féidir leis an gComhairle a dhéanamh le tacú le rannpháirtíocht an phobail, chuir siad in iúl gur gá tús áite a thabhairt do spásanna cruthaitheacha inrochtana a sholáthar don phobal, taobh istigh agus taobh amuigh, fud fad an chontae. Leagadh béim ar thábhacht an chuimsithe, leis.

> *'Is ann do shaineolaithe agus is ann do dhaoine nach mian leo ach páirt a ghlacadh. Spreag an gnáthphobal chun a bheith páirteach; bainfidh na daoine is fearr a gceann scríbe féin amach as a stuaim féin.'*

> *'Community artists have been saying this stuff for years'*
>
> *'It will make creativity, culture and arts part of everyday life 'like going to the cinema'*
>
> *'When it's sewn, roots will grow, and it will develop on its own'*

Attendees welcomed opportunities to network, forums for discussion, the linking of heritage and arts and the focus on children and young people.

> *'Huge artistic intellectual property in Fingal, often working in a silo'*
>
> *'Access to tuition really struck a chord'*

Concerns were voiced about resources and the impact on the role and livelihood of the professional artist, and the need for additional supports for artists was raised.

> *'We need to be honest, rhetoric needs to be matched by investment in professional artists'*

When asked what the Council can do to support community engagement the provision of accessible, interactive, creative community spaces, both indoors and outdoors across the county was identified as a priority. The importance of inclusion was stressed.

> *'There are experts and then those who just want to take part. Initiate participation by the wider public, the super-duper ones will get there anyway'*
>
> *'Broaden to include sports, music…'*
>
> *'Make it Fingal-wide, link east and west of the county, mix old and new residents and include people who are not from Fingal'*



"Space Invaders" – Féile Ealaíon do Leanaí Luathbhlianta

*"Space Invaders" – Early Years Children's Arts Festival*

*'Cuir spóirt agus ceol san áireamh chomh maith…'*

*'Bíodh baint aige le gach cearn d'Fhine Gall, déan ceangal idir oirthear agus iarthar an Chontae, meall idir óg agus aosta, agus tarraing isteach daoine nach as Fine Gall dóibh'*

### Fine Gall – Éire Ildánach

Ag tús Chlár Fhine Gall Ildánach, d'óstáil Comhairle Contae Fhine Gall lá spraoi is cruthaitheachta saor in aisce do theaghlaigh ag Caisleán Shoird don chéad Cruinniú na Cásca ar an 17 Aibreán 2017. Chuir scoth na n-ealaíontóirí, na ndéantóirí agus na gceardaithe áitiúla a saothar ar taispeáint mar chuid de Mhargadh Cásca a bhí oiriúnach do theaghlaigh. Bhí comharsanacht Chaisleán Stairiúil Shoird, a athchóiríodh le déanaí, mar chúlra taibhseach do ghníomhaíochtaí na Comhairle ar Luan Cásca, áit a raibh ceol agus siamsaíocht bheo, ealaíona agus ceardaíocht do leanaí agus a thuilleadh nach iad ar siúl.

Bhí deis ann freisin dul ar thuras faoi threoir ar bhus gan cheann le rud beag a fhoghlaim faoi stair Shoird agus na láithreáin oidhreachta atá ann, lena n-áirítear Caisleán Shoird, Túir Chruinne agus Chearnógacha Cholm Cille, Tobar Cholm Cille, Droichead Peter Wilson agus an Leabharlann Carnegie. D'fhreastail breis is 4,000 duine ar an ócáid, rud a léirigh go soiléir go bhfuil ár bpobal an-sásta go deo páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha, cruthaitheacha.

### Fingal – Creative Ireland

At the start of the Creative Fingal programme, Fingal County Council hosted a day of free family fun and creativity at Swords Castle for the inaugural Cruinniú na Cásca on April 17th, 2017. A host of local artists, craft-makers and artisan producers displayed their creative wares as part of the family friendly Easter Market. The recently refurbished surroundings of the historic Swords Castle created the perfect backdrop for the council's Easter Monday activities which included live music and entertainment, children's arts and crafts and more.

There was an opportunity to learn more about the history of Swords and its heritage sites, including Swords Castle, St. Columba's Round & Square Towers, St. Colmcille's Well, Peter Wilson's Bridge and the Carnegie Library, from the open top bus tours which ran on the day. The event was attended by over 4,000 people and demonstrated the high level of willingness among our community to engage with culture and creativity.

# 4 Fís Chlár Éire Ildánach d'Fhine Gall
## The Creative Ireland Vision for Fingal

*'Is é fís Éire Ildánach go mbeidh deis ag gach duine atá ag cur fúthu in Éirinn barr a chumais cruthaitheachta a bhaint amach. Cuirtear an fhís sin i bhfeidhm trí thagairt do Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach:*

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Na Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

*Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar gur ríthábhachtach an rud é ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a cheangal le pobail chomh maith'*

Agus tosaíochtaí straitéiseacha á gcur le chéile do Phlean Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall, choinnigh an Fhoireann Cultúir i gcuimhne an tábhacht a bhaineann le rochtain agus rannpháirtíocht agus is léir sin sa chaoi go bhfuil an Plean dírithe ar spás i gcomhair cultúir agus cruthaitheachta a chur ar fáil, an cultúr i bhFine Gall a léarscáiliú, agus cultúr agus cruthaitheacht a chur in iúl agus chun cinn ar bhealach éifeachtach, leanúnach.

Feabhsófar an cumas chun ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a cheangal le pobail mar thoradh ar shamhail tacaíochta Fhine Gall d'ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha. Bainfear leas as na hacmhainní agus an saineolas atá ar fáil i dtionscail, gnóthais agus institiúidí tríú leibhéal sa cheantar le tacú le tionscnaimh nuálacha, ar nós Chlár STEAM Fhine Gall, agus aibhseofar ar an gcaoi sin nádúr cruthaitheachta na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice.

Spreagfaidh Clár Fhine Gall Ildánach an fhiosracht nádúrtha i ndaoine, rud a bheidh ina cúis le tuiscint a fheabhsú agus a chothú de réir a chéile. Tá sé idir nua agus straitéiseach agus tá de chumas ann fís an chláir a bhaint amach.

*'The vision of Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:*

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

*Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision'*

In developing strategic priorities for the Fingal Culture and Creativity Plan, the Culture Team have been mindful of the importance of access and participation and this is reflected in the focus on providing space for culture and creativity, mapping culture in Fingal, and communicating and promoting culture and creativity in an effective and sustained fashion.

Development of the Fingal model of support for artists and creative practitioners, will build capacity for connecting artists and other creators to communities. Innovative initiatives, such as the Fingal STEAM programme, will draw on the resources and expertise available in local industry, business and third level institutions and highlight the creative nature of not just the arts but science, technology, engineering and maths.

The Creative Fingal programme, which will stimulate natural curiosity, enhance understanding and foster understanding, is both novel and strategic in nature, with potential to deliver the vision of the programme.



Room 13 Inquiry: Tionscadal Oideachais Ealaíne sna scoileanna

*Room 13 Inquiry: Arts Educational Project in Schools*

# 5 Treoirphrionsabail Chlár Éire Ildánach i bhFine Gall
## The Creative Ireland Values in Fingal

### Comhar agus comhordú

Is ar chomhar a bhí próiseas forbartha Chlár Éire Ildánach d'Fhine Gall bunaithe ón tús. Tá Foireann Cultúir Chruthaithigh Fhine Gall, atá tarraingthe le chéile ó fud fad na Comhairle, tar éis glacadh leis an gcur chuige uaillmhianach, idir-rannach céanna ar ghlac an rialtas leis. Leanfaidh an Fhoireann Cultúir Chruthaithigh, a cuireadh ar bun in 2017, de leas a bhaint as an saineolas atá acu agus d'fhorbairt agus feidhmiú an Chláir Cultúir Chruthaithigh bhliantúil d'Fhine Gall a threorú.

Tá Comhordaitheoir Chlár Éire Ildánach freagrach as comhordú foriomlán an chláir lena chinntiú go bhfuil ár gclár ag teacht le Clár Éire Ildánach ar bhonn náisiúnta agus le straitéisí náisiúnta bainteacha eile, agus as éascaíocht a dhéanamh ar obair idir na rannáin agus na páirtithe leasmhara d'fhonn a chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna agus cuspóirí an phlean. Beidh i gceist leis sin coinneáil i dteagmháil le Comhordaitheoir Náisiúnta na gClár agus le Foireann Cultúir Chruthaithigh Fhine Gall maidir le riachtanais an chláir, m.sh. brandáil, comhairliúchán, tuairisciú agus spriocdhátaí, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na nithe sin.

Tá an méid oibre atá curtha isteach againn i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon le feiceáil sa chlár éagsúil a chuireann cruthaitheacht i bhFine Gall i lár an aonaigh, mar shampla, Féilte Ealaíon Luathbhlianta *Space Invaders* ag Teach Farmleigh, an Quiz Mór Spórt i mbunscoileanna, Teacht le Chéile Fhleadh Fhine Gall ar an bPríomhshráid i Sord, agus *Flúirse*, iontráil Fhine Gall ag Bloom. Leanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall uirthi ag obair as lámha a chéile le páirtithe leasmhara óir nach mbainfear amach an straitéis seo gan an comhar sin.

### Collaboration and coordination

The process of developing the Creative Ireland Programme for Fingal has been built on collaboration. The Fingal Creative Culture Team, drawn together from across the Council, mirrors the high level, high ambition, interdepartmental approach taken by national government. The Creative Culture Team, established in 2017, will continue to bring a range of expertise to bear and lead the development and implementation of an annual Creative Culture Programme for Fingal.

The Creative Ireland Coordinator is responsible for overall co-ordination to align with the national Creative Ireland Programme and other relevant national strategies and to facilitate cross department and cross stakeholder working to ensure the aims and the objectives of the plan are delivered. This will include liaising between the national Programme Co-ordinator and the Creative Culture Team, Fingal on programme requirements e.g. branding, consultation, reporting and deadlines, and overseeing delivery of these as required.

The level of collaboration with both internal and external stakeholders achieved to date is reflected in the diverse programme that showcases creativity in Fingal from Space Invaders International Early Years Arts Festival at Farmleigh House and the Big Sports Quiz, in primary schools, to the Fingal Fleadh Reunion on the Main Street of Swords and the Flúirse Fingal Garden at Bloom. Fingal County Council will continue to collaborate with stakeholders as this is vital to successful implementation of this strategy.



### Cumarsáid

Bhí sé soiléir ón gcéad lá riamh go mbeadh cumarsáid éifeachtach tábhachtach leis an bpobal a mhealladh chun a bheith páirteach sa chlár. Baineadh é sin amach trí phróiseas chomhairliúcháin, agus é mar aidhm aige tuairimí an phobail agus na gcleachtóirí cruthaitheacha a fháil agus straitéis chumarsáide a fhorbairt. Cuirfear an clár chun cinn trí réimse meán, idir dhigiteach agus traidisiúnta, trí thionscadail nuálacha, amhail Fingal, In Creative Conversation, ina ndéanfar comhráite faoin gcruthaitheacht i bhFine Gall a scannánú agus a chomhroinnt ar líne, agus trí chumarsáid le páirtithe leasmhara le himeacht an chláir cúig bliana. Tógfar ar an gcaoi sin stór digiteach le haghaidh an chultúir chruthaithigh fhuinniúil ar leith a bhíonn ag forbairt de shíor i bhFine Gall, rud ina léireofar dearcthaí na ndaoine éagsúla atá páirteach sa phlé cruthaitheach. Tá cumarsáid agus cur chun cinn aitheanta mar phríomhthosaíochtaí sa phlean seo agus beidh siad ina ngné lárnach de phleanáil agus feidhmiú an chláir.

### Communication

From the outset it was clear that a key aspect of engaging the community in the programme would be effective communication. This was achieved through consultation, to elicit the views of both the public and creative practitioners and development of a communications strategy. The programme will be promoted through a range of digital and traditional media and the innovative projects such as "Fingal, In Creative Conversation", through the medium of film, diverse conversations about creativity in Fingal will be recorded and shared online and in stakeholder communications over the course of the five year programme. This will build a digital repository of the developing, dynamic and unique creative culture of Fingal and reflect the views of the diverse range of people involved in our creative conversation. Communication and promotion are identified as a strategic priority in this plan and will continue to form an intrinsic aspect of programme planning and delivery.

### Pobal

Is i bhFine Gall atá an pobal is mó, is óige agus is gasta fás in aon chontae in Éirinn agus tá sí éagsúil ó thaobh eitnigh agus cultúir de. Tá fuinneamh agus éagsúlacht ár gcultúir ina mbuntáiste mór againn, ach is é an t-imeascadh ceann de na clocha is mó ar ár bpaidrín. Tá fonn láidir ar mhuintir Fhine Gall páirt a ghlacadh sa chultúr agus sna healaíona, agus tugann taighde a rinne Comhairle Contae Fhine Gall a choimisiúnú le déanaí le fios gurb iad oidhreacht, cultúr agus spásanna oscailte na rudaí is tábhachtaí le muintir Fhine Gall agus na rudaí a mheasann siad nach bhfaightear in aon áit eile. Ba léir an méid sin freisin sa leibhéal suime agus díograise a léirigh daoine d'Fhine

### Community

Fingal has one of the largest, fastest growing and youngest populations of any county in Ireland and is ethnically and culturally diverse. The vibrancy and diversity of our culture is one of our greatest assets, but integration is one of our biggest challenges. Fingallians have a strong desire to engage with culture and arts and recent research commissioned by Fingal County Council reveals the things people value and regard as distinctive about Fingal include its heritage, culture and open spaces. This was also reflected in the high level of interest and enthusiasm for engaging with Creative Fingal; over 4000 people attended the Crinniú na Casca event alone. Our unique community are at the

Gall Ildánach; d'fhreastail breis is 4,000 duine ar Chruinniú na Cásca, cuir i gcás. Tá an pobal ar leith atá againn i gcroílár na straitéise seo, chomh maith le cláir a thabharfaidh deiseanna do dhaoine ó gach uile ghrúpa sóisialta agus eitneach, idir óg agus aosta, ar fud an chontae dul i ngleic le saol an chultúir agus na n-ealaíon sa chiall is leithne d'fhonn a gcuid cruthaitheachta a fhorbairt agus a bhfolláine a fheabhsú.

## Rannpháirtíocht, Uileghabhálacht agus Cumhachtú

Tugann an Clár deiseanna do dhaoine de gach aois ó gach cearn den chontae páirt a ghlacadh in imeachtaí móra, amhail Blasanna Fhine Gall agus gairdín Fhine Gall ag Bloom, agus i bhféilte agus tionscnaimh phobail a bhfuil gnéithe cultúrtha agus cruthaitheacha ag baint leo, amhail Sheeplawn Rubyfest, Féile na Bealtaine i mBaile Dúill agus Féile Tine Fhine Gall. Tacaíonn deontais ó Fhine Gall Ildánach le grúpaí pobail (m.sh. Bothán na bhFear agus Cumainn Cheoil agus Staire) tabhairt faoi shaothar cruthaitheach. Trí imeachtaí amhail Blas na Náisiún, Baile Brigín, leanfaidh an clár ag aghaidh ag spreagadh pobail nua agus imirceacha chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcultúr sa Chontae.

Soláthraíonn Straitéis Fhine Gall um Thacú le Daoine Breacaosta timpeallacht inar féidir bearta a chur i ngníomh a fhreagraíonn do riachtanais na ndaoine breacaosta inár bpobal. Is iomaí eolas, saineolas agus scil a bhíonn ag daoine breacaosta agus bíonn fonn orthu leanúint de bheith páirteach go sóisialta cultúrtha ina bpobail. Déanfaidh an straitéis seo éascaíocht ar gach uile dhuine ar mian leis páirt a ghlacadh in imeachtaí cultúrtha.

heart of this strategy and programmes that provide opportunities for people of all ages, social and ethnic groups, across the county to develop their creativity and enhance their wellbeing through engaging in culture and arts in the broadest sense.

## Participation, Inclusivity and Empowerment

The Programme offers opportunities for participation by people of all ages across the county from large events like Flavours of Fingal and the Fingal show garden at Bloom to community festivals and initiatives with cultural and creative dimensions including Sheeplawn Rubyfest, Mayfest in Baldoyle and the Fingal Festival of Fire. Creative Fingal Grants have supported community groups including Men's Shed, Musical and Historical Societies in creative endeavours and will continue to do so. Through events such as Balbriggan Taste of Nations, the programme will continue to encourage participation of new and migrant communities in the celebration of culture in the County.

Fingal's Age Friendly Strategy provides an environment for the implementation of actions that respond to the needs of our ageing population. Older people provide a huge volume of wisdom, skills, knowledge and expertise and there is desire to continue to participate socially and culturally with their communities. This strategy will facilitate older people's participation in cultural activities.





## An Ghaeilge a Chur chun Cinn

Tá Comhairle Contae Fhine Gall tiomanta don Ghaeilge agus gabhann uirthi féin tacú le daoine í a úsáid i gceantar Fhine Gael. Chuige sin, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh éascaíocht ar imeachtaí Gaeilge in Áras an Chontae, agus i Leabharlanna agus Ionaid Ealaíon agus Pobail dár gcuid. Tiocfaidh ár 3ú Scéim Teanga in éifeacht in 2018, áit a dtabharfar roinnt gealltanas eile lenár seirbhís i nGaeilge a fheabhsú, lena n-áirítear gach uile fhoirm agus na bileoga eolais a bhaineann leo a chur ar fáil i nGaeilge, oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil do bhaill foirne agus an teanga a chur chun cinn ar ár láithreán gréasáin dátheangach agus trí na Meáin Shóisialta.

Tá gluaiseacht athbheochana na Gaeilge ar an bhfód 125 bliain in 2018 agus is deis í Bliain na Gaeilge, 2018 le ceiliúradh a dhéanamh ar an teanga anseo in Éirinn agus ar fud na cruinne. Tá sé mar aidhm againn íomhá dhearfach, infheictheacht agus úinéireacht chomhroinnte na Gaeilge a chur chun cinn i measc an phobail i bhFine Gall in 2018. Tá muid ag aibhsiú ar na scáileáin dhigiteacha i bhforhalla Áras an Chontae go bhfuil muid go mór i bhfách le Bliain na Gaeilge, agus ag tacú le húsáid na Gaeilge ar na meáin shóisialta le tionscnamh darb ainm Seanfhocal na Seachtaine.

## Promoting the Irish Language

Fingal County Council is committed to supporting the Irish Language and its use in the Fingal area and will continue to facilitate Irish Language events in County Hall and in our Libraries and Arts and Community Centres. Our 3rd Irish Language Scheme will come into effect in 2018, with a number of commitment to enhance the use of Irish including the availability of all forms and associated leaflets in Irish, the provision of training in Irish to staff and the promotion of Irish through our bilingual website and through Social Media.

2018 marks the 125th anniversary of the Irish language revival movement and Bliain na Gaeilge 2018 is an opportunity to celebrate the language nationally and internationally. In 2018 in Fingal we aim to increase the positive image, the visibility and shared ownership of the language in the Community. We are highlighting our support for Bliain na Gaeilge with our Digital Screens in the Atrium County Hall and supporting the use of Irish on Social Media with our Seanfhocal na Seachtaine initiative.

# 6 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha d'Fhine Gall
## The Strategic Priorities for Fingal

### Tosaíochtaí Straitéiseacha d'Fhine Gall

Bunaithe ar an aiseolas a fuarthas tríd an gcomhairliúchán leis an bpobal, le cleachtóirí cruthaitheach agus le baill foirne laistigh de Chontae Fhine Gall, sainaithníodh na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas lena gcur i bhfeidhm le himeacht thréimhse an phlean. Is ar na tosaíochtaí sin a dhíreofar go príomha le fís Chlár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm idir 2018 agus 2022.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha ar aon dul le pleananna cultúir agus cruthaitheachta aonair d'Fhine Gall agus tacóidh siad le cur i ngníomh na bpleananna sin ar an gcaoi sin. Feabhsóidh siad freisin an comhoibriú idir-rannach idir an Rannóg Ealaíon, an Rannóg Spórt, an Rannóg Oidhreachta, an Rannóg Leabharlann, an Rannóg Forbartha Pobail, an Rannóg Timpeallachta Tógtha, an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise, an Rannóg Páirceanna, agus an Rannóg Forbartha Geilleagraí agus Turasóireachta. Ina theannta sin, tabharfaidh siad deis dúinn caoi sheolta éifeachtach a chur ar an gcaoi a n-oibrímid agus luach níos fearr a fháil ar airgead.

Roghnaíodh na tionscadail nuálacha, chruthaitheacha, chomhoibríocha seo mar chuid d'Fhine Gall Ildánach de bharr go bhfágfaidh siad a lorg go ceann i bhfad, fiú tar éis an chláir bhliantúil imeachtaí. Beidh cumarsáid leanúnach leis an bpobal ag teastáil leis an gclár a sheachadadh, mar aon le comhoibriú le réimse páirtithe leasmhara i ngach uile earnáil i bhFine Gall.

#### 1. Samhail Tacaíochta Fhine Gall a fhorbairt le tacú le healaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha

Tháinig sé chun solais mar gheall ar an gcomhairliúchán go dteastaíonn tacaíochtaí airgid agus praiticiúla ó chleachtóirí cruthaitheacha, atá an-tábhachtach ar fad i gcomhthéacs cholúin 1 agus 2 de Chlár Éire Ildánach, lena gcleachtas gairmiúil a choinneáil ag dul. Dhéanfadh fóram do chleachtóirí cruthaitheacha éascaíocht ar chomhar idir na disciplíní, mar shampla, ealaíontóirí a spreagadh chun obair a dhéanamh as lámha a chéile le cleachtóirí oidhreachta nó cleachtóirí STEAM fiú amháin. Rachaidh Rannóg Forbartha Geilleagraí agus Turasóireachta na Comhairle i gcomhar leis an Oifig Ealaíon, leis an Oifig Oidhreachta agus le páirtithe eile de réir mar is gá leis an gclár seo a chur i ngníomh go rathúil.

**Bearta feidhmithe**

- **Grúpa páirtithe leasmhara a chur ar bun** Déan athbhreithniú ar na sonraí atá ar fáil maidir le hanailís riachtanas agus téigh i ndáil chomhairle le healaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha le sainaithint a dhéanamh ar na tacaíochtaí breise a theastaíonn uathu lena gcleachtas a fhorbairt (m.sh. cúram linbh, comharchumainn, spásanna inúsáidte, srl.)
- **Samhlacha inbhuanaithe tacaíochta d'ealaíontóirí agus cleachtóirí cruthaitheacha a cheapadh** D'fhéadfadh an Oifig Fiontair Áitiúil tacú le gnóthais nua-thionscanta agus gnóthais bheaga agus mheánmhéide a bhfuil baint acu le cruthaitheacht, m.sh. dearthóirí, ailtirí, faisean, bia, spás do dhéantóirí.
- **Cúnamh ioncaim a chur ar fáil d'ealaíontóirí** Tá curtha in iúl ag soláthróir CCSGP na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúil go bhfuil clár píolótach á chur faoi chaibidil acu i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, ina n-aithneofar ealaíontóirí mar ghrúpa a mbíonn a bhfostaíocht agus a n-ioncam i mbaol, agus a bhféadfadh idirghabhálacha agus tacaíocht ar leith a bheith ag teastáil uathu d'fhonn cleachtais chruthaitheacha a dhéanamh níos inbhuanaithe.
- **Breathnú ar dheiseanna le cistiú a chur ar**

### Strategic Priorities for Fingal

Based on feedback through consultation with the public, creative practitioners and staff within Fingal County the following strategic priorities have been identified for implementation over the course of the plan. These priorities will be the principal areas of focus for delivering the vision of the Creative Ireland Programme between 2018-2022.

The strategic priorities align with and support the delivery of the individual culture and creativity plans for Fingal and provide a platform for enhanced cross departmental collaboration by Arts, Sports, Heritage, Libraries, Community Development, Built Environment, Information Technology, Parks and Economic Development and Tourism. Furthermore, they present opportunities for synergy and added value.

These innovative and creative, collaborative projects have been selected as they facilitate sustained impact of the Creative Fingal initiative, beyond the life of the annual programmes of events. Delivery of the programme will require on-going public engagement and interagency collaboration with a range of stakeholders across all sectors in Fingal.

#### 1. Develop the Fingal Model of support to artists and creative practitioners

During consultation it became evident that creative practitioners, who are key to the delivery of pillars one and two of the Creative Ireland Programme, require financial and practical supports to sustain their professional practice. A creative practitioners' forum would facilitate collaboration across disciplines, for example encouraging artists to work with heritage practitioners or STEAM practitioners. The Council's Economic Development and Tourism Department will collaborate with the Arts Office, Heritage Office and others as required to deliver this programme.

**Implementation actions**

- **Establish stakeholder group** Review available data on needs analysis and consult with artists and creative practitioners to identify what extra supports they need to develop their practice (e.g. childcare, cooperatives, usable spaces etc.)
- **Devise sustainable models of support for artists and creative practitioners** The Local Enterprise Office (LEO) could support start-ups and SMEs which are creativity-based, e.g. designers, architects, fashion, food, maker spaces.
- **Provide income assistance for artists** LCDCS SICAP provider have indicated they are considering a pilot with the Department of Social Protection which identifies artists as a group whose employment and income is vulnerable, and which may require specific interventions and support to assist more sustainable creative practices.
- **Explore opportunities for funding young and emerging creative practitioners in Fingal.**
- **Actively promote our local artists both at home and abroad, nationally and globally.**
- **Examine opportunities to support Creative Practitioners presented by Swords Cultural Quarter development.**

**fáil do chleachtóirí cruthaitheacha óga agus úrnua i bhFine Gall.**
- **Ealaíontóirí áitiúla a chur chun cinn go gníomhach anseo in Éirinn agus ar fud an domhain.**
- **Cíoradh a dhéanamh ar dheiseanna le tacú le Cleachtóirí Cruthaitheacha a mhol Forbairt Ceantar Cultúrtha Shoird.**

**2. Cultúr nó cruthaitheacht a fhorbairt i bhFine Gall agus spás a chur ar fáil dóibh**

Spás a chur ar fáil do rannpháirtíocht phobail agus cultúr ach an úsáid a bhaintear as foirgnimh oidhreachta, páirceanna, spásanna pobail; as acmhainní, cláir agus imeachtaí de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall atá ann cheana; agus as saoráidí agus spásanna eile a bharrfheabhsú i gcomhair gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus rannpháirtíocht chultúrtha. Tháinig sé chun solais mar gheall ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí, a bhí dírithe ar an bpobal agus ar chleachtóirí cruthaitheacha, gur mhaith leo go mbeadh fáil ar spásanna inrochtana, idirghníomhacha, cruthaitheacha don phobal agus ar spásanna faoin aer.

**Bearta feidhmithe**
- **Tacú le moil chruthaitheachta / iad a fhorbairt** Infreastruchtúr, stiúideonna, spás cruthaitheach d'ealaíontóirí, spás gailearaí, spás cleachtaidh do bhannaí ceoil; Deis iontach is ea **Ceantar Cultúrtha Shoird** le dul i ngleic leis na riachtanais seo.
- **Samhail an tobshiopa a úsáid le haghaidh imeachtaí ealaíon, cultúir agus cruthaitheachta** In áitribh de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, amhail tithe oidhreachta, leabharlanna, Forhalla Áras an Chontae i Sord, spásanna don ealaíontóir cónaithe, i bhfoirgnimh gan áitiú, in ionaid agus spásanna pobail, agus imeachtaí ar nós

**2. Develop and provide space for culture or creativity in Fingal**

Provide space for community engagement and culture by optimising use of heritage properties, parks, community space, existing Fingal County Council resources, programmes and events, and other facilities and spaces for creative activity and cultural engagement. The desire for accessible, interactive, creative community spaces and open-air space across the county emerged through the public consultation process, which engaged the community and creative practitioners.

**Implementation actions**
- **Support / develop creative hubs** Infrastructure, studios, creative space for artists, gallery spaces, rehearsal space for bands; The **Swords Cultural Quarter** is a key opportunity to do this.
- **Use the pop-up model for arts, culture and creative events** In Fingal County Council properties such as the heritage houses, libraries, the Atrium of County Hall, Swords, artist in residence spaces, in vacant buildings, in community centres and spaces, at events like Flavours of Fingal.
- **Programme of inclusive play, similar to Playful Cities** to be developed by Parks, Operations and Heritage Houses.





Bhlasanna Fhine Gall.
- **Clár imeartha chuimsithigh, cosúil le *Playful Cities*** An Rannóg Páirceanna, Oibriúchán agus Tithe Oidhreachta chun é a fhorbairt.

**3. Clár STEAM Fhine Gall a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le hinstitiúidí tríú leibhéal agus an tionscal**

Tugtar sainmhíniú leathan ar an gcruthaitheacht i gClár Éire Ildánach, a aithníonn an chruthaitheacht atá i gcroílár disciplíní ar nós na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice. Tá tugtha chun suntais i Ráiteas Beartais Oideachais STEM 2017–2026, ón Roinn Oideachais agus Scileanna, an nasc láidir atá ann idir STEM agus oideachas ealaíon, rud a chothaíonn dearadh, cruthaitheacht agus nuálaíocht. Aithníonn an leasú oideachais a leanann ar aghaidh cé chomh tábhachtach is atá daoine óga a bheith in ann cruthaitheacht, eolas agus scileanna a chur i bhfeidhm sa saol mar atá. Tá deis ar leith againn i bhFine Gall forbairt na cruthaitheachta agus na litearthachta eolaíche a chothú i measc na n-óg agus ár bpobail éagsúil, rud a fhágfaidh de réir a chéile go mbeidh daoine ardchumasacha sa tóir ar phoist sna hearnálacha STEM agus TF agus go mbeidh éileamh ar chúrsaí STEM dá réir sin. Imríonn tuismitheoirí níos mó tionchair ar a gcuid leanaí ná aon duine eile agus is ríthábhachtach an rud é dá bhrí sin eolas ar an eolaíocht a fhorbairt i dteaghlaigh, mar aon le feasacht ar na deiseanna a bhaineann le STEM. Is féidir leas a bhaint as cláir imeachtaí, áitribh de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, ionaid ealaíon agus leabharlanna le STEAM a chur chun cinn sa phobal. Beidh seachadadh an chláir ag brath ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara san oideachas tríú leibhéal agus sa tionscal, agus ar chleachtóirí cumarsáide a bhfuil fios a ngnó acu san eolaíocht a bheith ar fáil.

**Bearta feidhmithe**

**3. Design and implement the Fingal STEAM programme in collaboration with third level institutions and Industry**

A broad definition of creativity lies at the heart of the Creative Ireland Programme, which recognises the creativity that lies at the core of disciplines such as science, technology, engineering and maths. The recent STEM Education Policy Statement 2017–2026, from the Department of Education and Skills, notes the strong linkage between STEM and arts education, which fosters design, creativity and innovation. Ongoing educational reform recognises the importance of young people being able to apply creativity, knowledge and skills in real life situations. In Fingal we have a unique opportunity to foster development of creativity and scientific literacy among our young and diverse population, which in turn will feed a talent pipeline for IT and STEM industries in the county and stimulate demand for STEM courses. Parents are key influencers and supporting development of scientific capital in families and an awareness of the opportunities that STEM presents is vital. Events programmes and Fingal County Council properties, arts centres and libraries can be leveraged to promote STEAM public engagement. Delivery of the programme will be contingent on collaboration with third level, industry and engagement of expert science communication practitioners.



Stemfest Fhine Gall – Ceardlann Óga Innealtóirí Lego Brick

*Fingal Stemfest – Young Engineers Lego Brick Workshop*





- **Clár STEAM atá spraíúil, inbhuanaithe, nua, straitéiseach a rolladh amach** i ngach leabharlann agus ionad de chuid na Comhairle le himeacht 2018, mar shampla:
- Breathnú ar Spásanna do Dhéantóirí a fhorbairt i leabharlanna le linn saolré an phlean.
- Úsáid chruthaitheach a bhaint as teicneolaíochtaí nua, amhail priontáil 3T, agus cuirfear seirbhís nua priontála 3T ar fáil i Leabharlann Bhaile Bhlainséir in 2018.
- Ceardlanna a óstáil sna leabharlanna taistil nua ag imeachtaí de chuid na Comhairle agus ag imeachtaí pobail le linn an tsamhraidh. Béim láidir le leagan ar rudaí a dhéanamh, a bheith cruthaitheach agus STEAM.
- Labhairt le scoláirí 2ú leibhéal maidir le gairmeacha beatha i leabharlanna Fhine Gall i mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair, i gcomhpháirt le ITBB. Eagrófar cainteanna do thuismitheoirí freisin d'fhonn roghanna maidir le cúrsaí coláiste agus gairmeacha beatha STEM a dhéanamh níos éasca le tuiscint.
- Seimineár a óstáil i leabharlanna Fhine Gall, ag a labhróidh gairmithe STEM faoin taithí atá acu ar réimse gairmeacha beatha, lena n-áirítear gairmeacha le hÓglaigh na hÉireann, sa leigheas agus sa teicneolaíocht.
- Táthar ag breathnú chomh maith ar thionscadal eile STEAM le haghaidh na leabharlann a bheadh dírithe ar shráidbhailte iascaireachta Fhine Gall, agus seans ann go bhféadfaí maoiniú a fháil dó ó FLAG. Eagrófar sraith ceardlann i sráidbhailte iascaireachta ar fud Fhine Gall mar chuid den tionscadal seo: Baile Brigín, an Ros agus na Sceirí. Beidh na ceardlanna bunaithe go láidir ar STEAM agus dírithe ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil

**Implementation actions**

- **Roll out of a fun, sustainable STEAM programme** that is both novel and strategic in nature across the library network and in council venues during 2018, for example:
  - Explore development of Maker spaces in libraries within the lifetime of the plan.
  - Creative use of new technologies such as 3-D printing will continue with a new 3-D printing service offered in Blanchardstown library in 2018.
  - Host workshops in the new mobile library vans at Council and Community events during the summer months with a strong emphasis on making, creativity and STEAM.
  - Deliver career talks to 2nd level, junior cycle students in Fingal libraries in April and September in conjunction with the ITB. Talks will also be held for parents in order to demystify choices around STEM college courses and careers.
  - Host a seminar in Fingal libraries where STEM professionals talk about their experiences in a range of careers including the defence forces, medicine and technology.
  - A further library STEAM project focussing on the Fishing villages of Fingal with possible funding from FLAG is being explored. This project will deliver a series of workshops in fishing villages around Fingal: Balbriggan, Rush and Skerries. The workshops will be heavily STEAM based and will concentrate on lifelong learning and community engagement. Use of the mobile libraries as a classroom is a feature of this project.

agus rannpháirtíocht an phobail. Gné den tionscadal seo is ea úsáid na leabharlann taistil mar sheomra ranga.

- Oibreoidh mic léinn de chuid ITBB le daoine breacaosta, trí líonraí amhail Líonra Rannpháirtíochta Pobail Fhine Gall agus Fóram Daoine Breacaosta Fhine Gall, le réitigh chruthaitheacha innealtóireachta agus teicneolaíochta a fhorbairt le dul i ngleic le fadhbanna sa saol mar atá, mar shampla, le héascaíocht a dhéanamh ar dhaoine breacaosta ar mian leo fanacht ina dteach níos faide.
- Ceardlanna Síneastoinne do dhaoine óga idir 8 agus 15 bliana daoine, i bhForhalla Áras an Chontae i Sord, le cíoradh a dhéanamh ar eolaíocht na fuaime trí fhuaim a shampláil agus a shintéisiú agus breathnú ar rapcheol agus podchraoltaí. Beidh taispeántas bliantúil i gCaisleán Shoird leis an dlaíóg mhullaigh a chur ar an tionscadal.
- Clár STEM i mBosca a reáchtáil ar bhonn píolótach i scoileanna faoi mhíbhuntáiste i mBaile Brigín i gcomhar le Comhlachas Tráchtála Bhaile Brigín
- 

**4. Measúnú a dhéanamh ar bhailiúcháin thábhachtacha chultúrtha i bhFine Gall agus pleanáil a dhéanamh le cúram a thabhairt dóibh agus le hiad a chaomhnú ar bhealach cuí a bhfágann gur féidir leis an bpobal rochtain agus breathnú orthu**

Aimsigh deiseanna le bailiúcháin thábhachtacha i bhFine Gall a chaomhnú ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i músaeim (m.sh. Músaem Náisiúnta an Iompair, Binn Éadair) agus atá faoi úinéireacht na Comhairle chomh maith.

- ITB students will work with older people, through networks such as Fingal Public Participation Network and Fingal Seniors' Forum to develop creative engineering and technological solutions to real world problems, for example, to facilitate older people staying in their homes for longer.
- Sinewave workshops for 8 – 15 year olds, in the Atrium of County Hall Swords, to explore the science of sound through sampling, synthesising, rapping and radio podcasts. The project will culminate in an annual showcase event in Swords Castle.
- Pilot STEM-in-a-Box programme in disadvantaged schools in Balbriggan in partnership with Balbriggan Chamber of Commerce

**4. Assess significant cultural collections in Fingal and plan for their care and conservation with appropriate public display and access**

Find opportunities to secure a sustainable future for significant cultural collections in Fingal, including those in museums (e.g. National Transport Museum, Howth) and in the Council's ownership.





**Bearta feidhmithe**

- Staidéir féidearthachta a dhéanamh le sainaithint a dhéanamh ar dheiseanna den sórt seo.
- Cásanna gnó a cheapadh de réir mar is iomchuí.
- Beartas a cheapadh maidir le bailiúcháin de chuid Chomhairle Contae Fhine Gall, m.sh. beartas fála agus dídhílsithe; fardal a dhéanamh agus catalógú; páirt a ghlacadh sa Chlár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn.

**5. An Cultúr i bhFine Gall a Léarscáiliú**

Anailís léarscáilíochta cultúir a dhéanamh ar chultúr agus cruthaitheacht i bhFine Gall. Beidh gá le comhoibriú tras-rannach idir turasóireacht, oidhreacht, ealaíona, timpeallacht thógtha, páirceanna agus pobal sa phróiseas iniúchta agus léarscáilithe seo. Cinnteofar ar an gcaoi sin go n-úsáidfear an obair ar fad atá déanta cheana féin agus go gcuirfear tacar sonraí dinimiciúil, cuimsitheach i dtoll a chéile.

**Bearta feidhmithe**

- **Léarscáil dhigiteach chultúir agus chruthaitheachta a fhorbairt:** Tabhair faoin mbeart léarscáilithe i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir (ITBB); tá togra tionscadail á fhorbairt i láthair na huaire maidir le haip d'Fhine Gall Ildánach, ina ndéanfar léarscáiliú ar spásanna, cleachtóirí agus imeachtaí cruthaitheacha sa Chontae.
- **Bunachar sonraí d'ealaíontóirí / daoine cruthaitheacha gníomhacha a chur i dtoll a chéile**
- **Sainaithint a dhéanamh ar spás atá ar fáil do chultúr nó cruthaitheacht:** Ionaid phobail, Leabharlanna, Tithe Bád (Loch Sionnaigh), Ionaid Ealaíon, Túir Martello agus scoileanna. Cuir spásanna pobail, amhail hallaí spóirt, ar fáil i gcomhair úsáidí eile.

**Implementation actions**

- Conduct feasibility studies, to identify opportunities in this regard.
- Formulate business cases as appropriate.
- Devise policy with regard to FCC collections e.g. acquisitions & divesting policy; inventorying & cataloguing; Museum Standards Programme for Ireland (MSPI) participation.

**5. Mapping Culture in Fingal**

Perform a cultural mapping analysis of culture and creativity in Fingal. Cross departmental collaboration will be required involving tourism, heritage, arts, built environment, parks and community in this audit and mapping process. This will ensure that work in this regard done to date is used and a comprehensive, dynamic data set is compiled.

**Implementation actions**

- **Develop a digital map of culture and creativity:** Carry out mapping exercise in collaboration with the Institute of Technology in Blanchardstown (ITB); a project proposal is currently being developed for a Creative Fingal App, which will map creative spaces, practitioners and events in the County.
- **Develop a database of working artists/creative people**
- **Identify available space for culture or creativity:** Community centres, Libraries, Boathouses (Loughshinny), Art centres, Martello towers and schools. Make community spaces, like sports halls more open to other uses.

### 6. Fine Gall Ildánach a chur in iúl agus a chur chun cinn

Beidh cumarsáid éifeachtach, leanúnach ríthábhachtach leis an bpobal a mhealladh chun a bheith páirteach i gclár dinimiciúil a bhíonn á fhorbairt de shíor ar nós Fhine Gall Ildánach. Chuige sin tá muid ag glacadh le cur chuige ilghnéitheach i leith na cumarsáide, lena n-áirítear na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha araon a úsáid, próiseas comhairliúcháin a reáchtáil agus comhrá cruthaitheach a thionscnamh le páirtithe leasmhara.

**Bearta feidhmithe**

- **An láithreán gréasáin d'Fhine Gall Ildánach ar fingal.ie a chur chun cinn agus a fhorbairt** Áit a mbeidh an t-eolas cruthaitheach agus cultúrtha ar fad le fáil do dhaoine aonair agus grúpaí.
- **Cur le feasacht ar Fhine Gall Ildánach i measc páirtithe leasmhara** Ceapfar feachtas a leanfaidh ar aghaidh le cur le feasacht ar Fhine Gall Ildánach i measc páirtithe leasmhara ach úsáid a bhaint as réimse meán traidisiúnta agus digiteach, lena n-áirítear na meáin shóisialta, preaseisiúintí agus agallaimh leis na meáin.
- **Fóram a chur ar bun inar féidir an Chruthaitheacht a phlé** Eagrófar fóram gach bliain le plé a dhéanamh ar chúrsaí cruthaitheachta i bhFine Gall d'fhonn tacú le comhairliúchán agus rannpháirtíocht a leanann ar aghaidh. D'fhéadfaí tuairisc chun dáta a thabhairt ar chur i ngníomh an phlean, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh aoichainteoirí nó ceardlanna ann d'fhonn plé oscailte a spreagadh ar bhealaí chun an chruthaitheacht a fhorbairt laistigh den phobal i bhFine Gall.

### 6. Communication and promotion of Creative Fingal

Effective and sustained communication will be key to successful and sustained public engagement throughout the life of a dynamic and evolving Creative Fingal Programme. A multi stranded approach is being adopted using communication through traditional and digital media, consultation and engaging stakeholders in a creative conversation.

**Implementation actions**

- **Promote and develop the Creative Fingal Section of fingal.ie** this will be become a one stop shop for individuals or groups for creative and cultural information.
- **Create awareness of Creative Fingal among stakeholders** an ongoing campaign will be devised to promote awareness of Creative Fingal among stakeholders using a range of traditional and digital media including social media, press releases and media interviews.
- **Provide a forum for discussion of Creativity** to facilitate ongoing consultation and engagement a forum will be held annually to discuss Creativity within Fingal. The forum would facilitate updates on the delivery of the plan and could include guest speakers or workshops to stimulate an open discussion on ways to develop creativity within the community in Fingal.





- **Samhail Fhine Gall de 'Chomhráite Cruthaitheacha' a éascú agus a fhorbairt** Tógfar stór digiteach le haghaidh an chultúir chruthaithigh fhuinniúil ar leith a bhíonn ag forbairt de shíor i bhFine Gall, rud ina léireofar dearcthaí na ndaoine éagsúla atá páirteach sa phlé cruthaitheach. Déanfar na comhráite seo a scannánú i gcomhar le ITBB. An Fhoireann Cultúir. Rachaidh ionadaithe ó fud fad na Comhairle i mbun comhrá le cleachtóirí cruthaitheacha, amhail ealaíontóirí, dealbhóirí, ceoltóirí, grianghrafadóirí, ailtirí, chefanna, dearthóirí gairdín agus cóitseálaithe spóirt, chomh maith le daoine a mbíonn baint acu le ceardaíocht, garraíodóireacht, péintéireacht, adhmadóireacht agus tógáil. Éascófar teagmháil idir an tÚdarás Áitiúil, cleachtóirí cruthaitheacha agus an pobal ar an gcaoi sin, agus cuirfear an oidhreacht luachmhar chultúrtha agus chruthaitheach atá againn i bhFine Gall os comhair an phobail, leis. Tionscadal is ea é seo a bheidh ar siúl go leanúnach go dtí deireadh Chlár Fhine Gall Ildánach agus óstálfar na comhráite ar chainéal Chomhairle Contae Fhine Gall ar YouTube. Beidh naisc chuig an gcainéal sin ar an láithreán gréasáin agus ar chainéil eile meán sóisialta freisin.

- **Facilitate and develop the Fingal Model of 'Creative Conversations'** A digital repository of the developing, dynamic and unique creative culture of Fingal will be built and will reflect the views of the diverse range of people involved in our creative conversations. These conversations will be filmed in collaboration with ITB. The Culture Team. Representatives from across the Council, will engage in conversation with creative practitioners such as artists, sculptors, musicians, photographers, architects, chefs, garden designers and sports coaches as well as people engaged in crafts, gardening, painting, woodwork and building. This will facilitate connectivity between the Local Authority, creative practitioners and the community, while also showcasing the rich cultural heritage and creativity of Fingal. This will be an ongoing project throughout the lifetime of the Creative Fingal programme and conversations will be housed on the Fingal County Council You Tube channel with links from the website and social media channels.

**7. Clár Comórtha Fhine Gall, 2018–2023 a cheapadh agus a chur i bhfeidhm**

Tháinig Clár Éire Ildánach ar an bhfód de bharr gur éirigh chomh maith sin le Comóradh 2016 agus go raibh an pobal chomh tógtha leis. Bhí i gceist le Comóradh 2016 roinnt mhaith imeachtaí ar eagraigh pobail agus údaráis áitiúla iad, chomh maith le searmanais stáit. Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí ag deireadh 2017, tá Comhairle Contae Fhine Gall ag ullmhú Chlár Comórtha Fhine Gall, 2018–2023 anois, ag féachaint le hé a sheoladh níos moille i mbliana. Mar gheall ar an taithí a fuair an Chomhairle ar imeachtaí comórtha fadréimseacha, éagsúla a eagrú do Chomóradh 2016, glactar leis go mbeidh roinnt rannóga difriúla den Chomhairle gafa le Clár Comórtha Fhine Gall, 2018–2023 agus beidh ról le himirt ag gach páirtí leasmhar i gcur i ngníomh an chláir dá bhrí sin.

**Bearta feidhmithe**

- **Clár Comórtha Fhine Gall 2018–2023 a chur le chéile agus i ngníomh**

**7. Devise and implement the Fingal Commemorations Programme 2018–2023**

Creative Ireland grew out of the success and positive public response to the 2016 Commemorations with numerous events organised across the county by local communities and local authorities in addition to the state ceremonies. Following a public consultation process in late 2017 Fingal County Council is preparing a Fingal Commemorations Programme 2018–2023 which will be launched later this year. Given the Council's experience with the 2016 Commemorations of the wide-ranging and diverse nature of commemorations events is it expected that the Fingal Commemorations Programme 2018–2023 will require the involvement of a number of Council Departments and so all stakeholders have a key role in the implementation of the programme.

**Implementation actions**

- **Deliver a Fingal Commemorations Programme of events 2018–2023**



# 7 Feidhmiú in 2018
## Implementation in 2018

BUNAITHE AR THORTHAÍ an phróisis comhairliúcháin, chuir an Fhoireann Cultúir dréacht-Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018–2022 i dtoll a chéile. Iarradh ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, ar an gCoiste um Beartais Straitéiseacha agus ar chruinniú iomlán den Chomhairle tacú leis an straitéis.

Is iad Comhordaitheoir Chlár Éire Ildánach d'Fhine Gall agus an Fhoireann Cultúir a bheidh i gceannas ar chur i bhfeidhm na Straitéise Cultúir agus Cruthaitheachta, agus é mar aidhm aici daoine eile a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chultúrtha d'fhonn cruthaitheacht agus folláine an duine aonair agus an phobail araon a chur chun cinn. Cuirfidh an fhoireann an Clár chun cinn laistigh den Chomhairle agus ar fud an chontae, agus rachaidh i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha le feasacht ar Chlár Fhine Gall Ildánach agus rannpháirtíocht ann a uasmhéadú.

Troidfidh an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir na Rannóige Tithíochta agus Pobail ar son an chultúir agus ar son Chlár Fhine Gall Ildánach agus cuirfidh rannpháirtíocht páirtithe leasmhara chun cinn taobh istigh agus taobh amuigh den Chomhairle.

**Is iad seo a leanas na príomhbhearta le cur i bhfeidhm in 2018.**

- Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Fhine Gall a fhoilsiú
- Léarscáil dhigiteach chultúir agus chruthaitheachta
- Fóram a chur ar bun inar féidir an Chruthaitheacht a phlé
- Samhail Fhine Gall de 'Chomhráite Cruthaitheacha' a éascú agus a fhorbairt
- Clár STEAM Fhine Gall

BASED ON OUTPUTS the consultation process the Culture Team devised a draft Culture and Creativity Strategy 2018–2022. Endorsement for the strategy was sought from, Executive Management Team, the Strategic Policy Committee and Full Council Meeting.

The Creative Ireland Coordinator for Fingal and the Culture Team will lead the implementation of the Culture and Creativity Strategy for Fingal, to inspire others to participate in cultural activity, in order to drive personal and collective creativity and wellbeing. The team will promote the Programme both within the Council and across the community of Fingal and collaborate with internal and external stakeholders to maximise widespread awareness of, and engagement with, the Creative Fingal Programme.

The Chief Executive and the Director of Housing and Community with responsibility for culture, will act as champions for the Creative Fingal Programme and promote stakeholder engagement, both internal and external to the Council.

**The following are the key implementation actions for 2018.**

- Publish Fingal Culture and Creativity Strategy
- Develop a digital map of culture and creativity
- Provide a forum for discussion of Creativity
- Facilitate and develop the Fingal Model of 'Creative Conversations'
- Fingal STEAM Programme

- Lá Idirnáisiúnta na Séadchomharthaí agus na Láithreán, 2018
- Tionscadal an Chiste Oidhreachta Ailtireachta, 2018 – Saothair gloine daite de chuid Harry Clarke i bhFine Gall
- Straitéis Seandálaíochta Pobail 2018 agus Clár Imeachtaí
- Bliain Eorpach na nImeachtaí Oidhreachta Cultúrtha
- Gradam Oibrithe Deonacha an Mhéara – Catagóir na nEalaíon Cruthaitheacha, an Chultúir agus na hOidhreachta
- Taiscéalta i Sord – rannpháirtíocht an phobail san áit trí amharclannaíocht agus taibhléirithe idirghníomhacha
- Tosú ar mheasúnú a dhéanamh ar bhailiúcháin thábhachtacha chultúrtha i bhFine Gall agus pleanáil a dhéanamh le cúram a thabhairt dóibh agus le hiad a chaomhnú ar bhealach cuí a bhfágann gur féidir leis an bpobal rochtain agus breathnú orthu
- Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn trí imeachtaí na Comhairle, mar shampla Seachtain na Gaeilge, Lá Náisiúnta na Filíochta, imeachtaí Gaeilge i leabharlanna agus Ionaid Ealaíona dár gcuid, Pop-up Gaeltacht ag Blasanna Fhine Gall, chomh maith le himeachtaí eile i gcaitheamh na bliana.
- Beidh Cruinniú na nÓg á cheiliúradh ar 23 Meitheamh 2018

- International Day of Monuments and Site 2018
- Architectural Heritage Fund Project 2018 - Stained Glass works of Harry Clarke in Fingal
- Community Archaeology Strategy 2018 & Programme of Events
- European Year of Cultural Heritage Events
- Mayors Community Volunteer Awards – Creative Arts, Culture & Heritage category
- Explorations in Swords – public engagement with place through interactive theatre and performances
- Commence assessment of significant cultural collections in Fingal and plan for their care and conservation with appropriate public display and access
- Promote the use of the language through events run by the Council, for example during Seachtain na Gaeilge, National Poetry Day, Irish events in our Libraries and Arts Centres, a Pop-up Gaeltacht at the Flavours of Fingal event and other events during the year.
- Cruinniú na nÓg will be celebrated on 23 June 2018

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022